Eagrán Speisialta *
2 Meán Fómhair 2020

Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHA NÓS IMEACHTA

★ **Cinneadh 2020-04 ón gColáiste an 15 Iúil 2020 ar rialacha inmheánacha maidir le srianta ar chearta ábhar sonraí áirithe i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag Eurojust** 1

GA

* Faoin tagairt L 287 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHA NÓS IMEACHTA

CINNEADH 2020-04 ÓN GCOLÁISTE

an 15 Iúil 2020

ar rialacha inmheánacha maidir le srianta ar chearta ábhar sonraí áirithe i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag Eurojust

TÁ COLÁISTE EUROJUST,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 ar dhaoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ar shaorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh 1247/2002/CE ([1]) (dá ngairtear "an Rialachán" anseo feasta), agus go sonrach Airteagal 25 de,

Ag féachaint don tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ("MECS") an 25 Meitheamh 2020

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé de chumhacht ag Eurojust fiosrúcháin riaracháin, imeachtaí réamh-araíonachta, araíonachta agus fionraí a dhéanamh, i gcomhréir le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ("Rialacháin Foirne") ([2]), agus le Cinneadh Eurojust an 23 Meán Fómhair 2013 lena leagtar síos forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le seoladh fiosrúchán riaracháin agus nósanna imeachta araíonachta. Más gá, cuireann sé cásanna in iúl do OLAF freisin, i gcomhréir le Cinneadh 2020-03 ón gColáiste an 15 Iúil 2020 maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha d'imscrúduithe inmheánacha ag Eurojust i ndáil le cosc a chur ar chalaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht mhídhleathach a dhéanann dochar do leasanna an Aontais.

(2) Tá sé de dhualgas ar bhaill foirne Eurojust gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith neamhdhleathach a thuairisciú, lena n-áirítear calaois agus éilliú, a dhéanann dochar do leasanna an Aontais. Tá sé d'oibleagáid ar bhaill foirne freisin iompar a thuairisciú a bhaineann le dualgais ghairmiúla a chomhlíonadh a d'fhéadfadh a bheith ina mainneachtain thromchúiseach oibleagáidí oifigigh an Aontais a chomhlíonadh. Rialaítear é seo le Cinneadh 2019-02 ón gColáiste an 29 Eanáir 2019 maidir le treoirlínte Eurojust maidir le sceithireacht.

(3) Tá beartas curtha i bhfeidhm ag Eurojust chun cásanna iarbhír nó féideartha ciaptha síceolaíocha nó gnéis san ionad oibre a chosc agus déileáil leo go héifeachtach, mar a fhoráiltear ina Chinneadh an 31 Eanáir 2012 maidir le beartas Eurojust chun dínit an duine a chosaint agus ciapadh síceolaíoch agus gnéasach a chosc. Bunaítear leis an gCinneadh nós imeachta neamhfhoirmiúil trínar féidir le híospartach líomhnaithe an chiaptha teagmháil a dhéanamh le comhairleoirí "rúnda" Eurojust.

(4) Is féidir le Eurojust imscrúduithe a dhéanamh freisin ar sháruithe féideartha ar rialacha slándála le haghaidh faisnéise rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh ("EUCI"), bunaithe ar Chinneadh ón gColáiste 2016-4 an 22 Márta 2016 ag glacadh Rialacha Slándála athbhreithnithe Eurojust, arna leasú le Cinneadh ón gColáiste 2016-24 an 13 Nollaig 2016.

([1]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

([2]) Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

(5) Tá Eurojust faoi réir iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha araon maidir lena ghníomhaíochtaí.

(6) I gcomhthéacs na bhfiosrúchán, na n-iniúchtaí agus na n-imscrúduithe riaracháin sin, comhoibríonn Eurojust le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais.

(7) Is féidir le Eurojust comhoibriú le húdaráis náisiúnta tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, arna iarraidh sin dóibh nó ar a thionscnamh féin.

(8) Is féidir le Eurojust comhoibriú freisin le húdaráis phoiblí Bhallstáit an Aontais, arna iarraidh sin dóibh nó ar a thionscnamh féin.

(9) Tá Eurojust bainteach le cásanna os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nuair a tharchuireann sé ábhar don Chúirt, nuair a chosnaíonn sé cinneadh a rinne sí agus a ndearnadh agóid ina choinne os comhair na Cúirte, nó nuair a dhéanann idirghabháil i gcásanna a bhaineann lena cúraimí. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar Eurojust rúndacht na sonraí pearsanta atá i ndoiciméid a fhaigheann na páirtithe nó na hidirghabhálaithe a chaomhnú.

(10) Chun a chúraimí a chomhlíonadh, bailíonn agus próiseálann Eurojust faisnéis agus roinnt catagóirí sonraí pearsanta, lena n-áirítear sonraí aitheantais daoine nádúrtha (e.g. ainm, sloinne, dáta breithe, etc.), faisnéis teagmhála (e.g. seoladh baile, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist, etc.), róil ghairmiúla agus cúraimí, faisnéis maidir le hiompar príobháideach agus gairmiúil agus feidhmíocht (sonraí iompraíochta a d'fhéadfadh a bheith ábhartha agus teoranta ach amháin chun críche fiosrúcháin riaracháin, imeachtaí réamh-araíonachta, araíonachta agus fionraí, réamhghníomhaíochtaí a bhaineann le cásanna neamhrialtachtaí féideartha a tuairiscíodh do OLAF, cásanna sceithireachta a phróiseáil agus imeachtaí comhchosúla), agus sonraí airgeadais. Feidhmíonn Eurojust mar rialaitheoir sonraí.

(11) Faoin Rialachán, tá sé d'oibleagáid ar Eurojust, dá bhrí sin, faisnéis a sholáthar d'ábhair sonraí maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sin agus a gcearta mar ábhair sonraí a urramú.

(12) D'fhéadfadh sé go mbeadh ar Eurojust na cearta sin a réiteach le cuspóirí fiosrúchán riaracháin, iniúchtaí, imscrúduithe agus imeachtaí cúirte. D'fhéadfadh sé a bheith de cheangal air freisin cearta ábhair sonraí a chothromú i gcoinne chearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha ábhar sonraí eile. Chuige sin, tugann Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725 an deis do Eurojust srian a chur, faoi choinníollacha dochta, ar fheidhmiú Airteagal 14 go 22, 35 agus 36 den Rialachán, chomh maith le hAirteagal 4 de sa mhéid a fhreagraíonn a fhorálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 20. Mura bhforáiltear do shrianta i ngníomh dlí arna ghlacadh ar bhonn na gConarthaí, is gá rialacha inmheánacha a ghlacadh faoina bhfuil Eurojust i dteideal srian a chur leis na cearta sin.

(13) Mar shampla, d'fhéadfadh sé go gcaithfeadh Eurojust srian a chur leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn sé d'ábhar sonraí faoi phróiseáil a shonraí pearsanta le linn na réamhchéime measúnaithe d'fhiosrúchán riaracháin nó le linn an fhiosrúcháin féin, sula bhféadfaí cás a dhíbhe nó ag an gcéim réamh-araíonachta. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh sé go ndéanfadh soláthar faisnéise den sórt sin difear tromchúiseach do chumas Eurojust an fiosrúchán a dhéanamh ar bhealach éifeachtach, aon uair, mar shampla, go bhféadfadh an duine lena mbaineann fianaise a scriosadh nó cur isteach ar fhinnéithe ionchasacha sula gcuirtear faoi agallamh iad. D'fhéadfadh sé freisin go mbeadh ar Eurojust cearta agus saoirsí finnéithe a chosaint chomh maith le cearta agus saoirsí daoine eile atá bainteach leis.

(14) B'fhéidir go mbeadh gá ann gan ainmníocht finné nó sceithire a d'iarr rúndacht a chosaint. I gcás den sórt sin, d'fhéadfadh Eurojust cinneadh a dhéanamh srian a chur le rochtain ar chéannacht, ráitis agus sonraí pearsanta eile na ndaoine sin, chun a gcearta agus a saoirsí a chosaint.

(15) D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach faisnéis rúnda a chosaint maidir le ball foirne a chuaigh i dteagmháil le comhairleoirí rúnda Eurojust i gcomhthéacs nós imeachta ciaptha. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar Eurojust srian a chur le rochtain ar chéannacht, ráitis agus sonraí pearsanta eile an íospartaigh líomhnaithe, an té a ndearnadh líomhain an chiaptha ina (h)éadan agus daoine eile atá bainteach leis, chun cearta agus saoirsí gach duine lena mbaineann a chosaint.

(16) Níor cheart do Eurojust srianta a chur i bhfeidhm ach amháin nuair a urramaíonn siad bunús na gceart agus na saoirsí bunúsacha, nuair atá siad fíor-riachtanach agus más beart comhréireach iad i sochaí dhaonlathach. Ba cheart do Eurojust cúiseanna a thabhairt ina mínítear an bonn cirt atá leis na srianta sin.

(17) Agus prionsabal na cuntasachta á chur i bhfeidhm, ba cheart do Eurojust taifead a choinneáil ar chur i bhfeidhm na srianta.

(18) Agus sonraí pearsanta a malartaíodh le heagraíochtaí eile á bpróiseáil i gcomhthéacs a chúraimí, ba cheart do Eurojust agus do na heagraíochtaí sin dul i gcomhairle lena chéile ar fhorais fhéideartha chun srianta a chur i bhfeidhm agus ar riachtanas agus ar chomhréireacht na srianta sin, mura gcuirfeadh sé sin gníomhaíochtaí Eurojust i mbaol.

(19) Cuireann Airteagal 25(6) den Rialachán d'oibleagáid ar an rialaitheoir na daoine is ábhar do na sonraí a chur ar an eolas faoi na príomhchúiseanna a bhfuil cur chun feidhme an tsriain bunaithe orthu agus faoin gceart atá acu gearán a thaisceadh le MECS.

(20) De bhun Airteagal 25(8) den Rialachán, tá Eurojust i dteideal faisnéis a iarchur, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú maidir leis na cúiseanna atá le srian a chur ar an ábhar sonraí dá gcuirfeadh sé sin éifeacht an tsriain ar ceal ar bhealach ar bith. Ba cheart do Eurojust measúnú a dhéanamh ar bhonn cás ar chás an gcuirfeadh cumarsáid an tsriain a éifeacht ar ceal.

(21) Ba cheart do Eurojust deireadh a chur leis an srian a luaithe nach bhfuil feidhm ag na coinníollacha a thugann údar leis an srian a thuilleadh, agus na coinníollacha sin a mheas ar bhonn rialta.

(22) Chun an chosaint is fearr a thabhairt do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí agus i gcomhréir le hAirteagal 44 (1) den Rialachán, ba cheart dul i gcomhairle le OCS roimh aon srianta a fhéadfar a chur i bhfeidhm agus a fhíorú go gcomhlíonann siad an Cinneadh seo.

(23) Foráiltear le hAirteagal 16(5) agus Airteagal 17(4) den Rialachán d'eisceachtaí ar cheart na n-ábhar sonraí chun faisnéise agus ceart rochtana. Má tá feidhm ag na heisceachtaí sin, ní gá do Eurojust srian a chur i bhfeidhm faoin gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar síos sa Chinneadh seo rialacha a bhaineann leis na coinníollacha faoina bhféadfaidh Eurojust srian a chur le cur i bhfeidhm Airteagal 4, Airteagal 14 go hAirteagal 22, 35 agus 36, de bhun Airteagal 25 den Rialachán.

2. Faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Chinneadh seo, féadfaidh na srianta a bheith i bhfeidhm maidir leis na cearta seo a leanas: faisnéis a sholáthar d'ábhair sonraí, ceart rochtana, ceartú, scriosadh, srianadh próiseála, sárú ar shonraí pearsanta a chur in iúl don duine is ábhar do na sonraí nó rúndacht cumarsáide leictreonaí.

3. Baineann an Cinneadh seo le próiseáil sonraí pearsanta ag Eurojust a mhéid a phróiseálann sé sonraí pearsanta chun críocha a bhaineann le fiosrúcháin riaracháin, imeachtaí réamh-araíonachta, araíonachta agus fionraí, réamhghníomhaíochtaí a bhaineann le cásanna neamhrialtachtaí féideartha a tuairiscíodh do OLAF, cásanna sceithireachta a phróiseáil, nósanna imeachta (foirmiúla agus neamhfhoirmiúla) ciaptha, próiseáil gearán inmheánach agus seachtrach, iniúchtaí inmheánacha a dhéanamh, imscrúduithe a rinne an tOifigeach Cosanta Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 45(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus imscrúduithe slándála (TF) a láimhseáiltear go hinmheánach nó le rannpháirtíocht sheachtrach (e.g. CERT-EU).

4. Áirítear ar na catagóirí sonraí pearsanta a chlúdaítear leis an gCinneadh seo sonraí aitheantais, teagmhála, iompraíochta agus airgeadais.

5. Is é an Stiúrthóir Riaracháin a dhéanann ionadaíocht ar Eurojust, mar an rialaitheoir.

Airteagal 2

Srianta

1. Féadfaidh Eurojust srian a chur le cur i bhfeidhm Airteagal 14 go hAirteagal 22, Airteagal 35 agus Airteagal 36, agus le hAirteagal 4 de a mhéid a fhreagraíonn a fhorálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 20:

(a) de bhun Airteagal 25(1) (b), (c), (f), (g) agus (h) den Rialachán, agus fiosrúcháin riaracháin, imeachtaí réamh-araíonachta, araíonachta nó fionraí á ndéanamh faoi Airteagal 86 agus Iarscríbhinn IX de na Rialacháin Foirne, agus Cinneadh Eurojust an 23 Meán Fómhair 2013 lena leagtar síos forálacha ginearálta um chur chun feidhme maidir le seoladh fiosrúchán riaracháin agus nósanna imeachta araíonachta agus nuair a chuirtear cásanna in iúl d'OLAF;

(b) de bhun Airteagal 25(1)(h) den Rialachán, agus á áirithiú go bhféadfaidh comhaltaí foirne Eurojust fíorais a thuairisciú faoi rún i gcás ina gcreideann siad go bhfuil neamhrialtachtaí tromchúiseacha ann, mar a leagtar amach i gCinneadh 2019-02 ón gColáiste an 29 Eanáir 2019 maidir le treoirlínte Eurojust maidir le sceithireacht;

(c) de bhun Airteagal 25(1)(h) den Rialachán, agus á áirithiú go mbeidh comhaltaí foirne Eurojust in ann tuairisciú do chomhairleoirí rúnda i gcomhthéacs nós imeachta ciaptha, mar a shainmhínítear ina Chinneadh an 31 Eanáir 2012 maidir le beartas Eurojust chun dínit an duine a chosaint agus ciapadh síceolaíoch agus gnéasach a chosc;

(d) de bhun Airteagal 25(1)(c), (g) agus (h) den Rialachán, agus iniúchtaí inmheánacha á ndéanamh i ndáil le gníomhaíochtaí nó ranna Eurojust;

(e) de bhun Airteagal 25(1)(c), (d), (g) agus (h) den Rialachán, agus cúnamh á sholáthar aige d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais nó á fháil uathu nó ag comhoibriú leo i gcomhthéacs gníomhaíochtaí faoi phointe (a) go (d) den mhír seo agus de bhun comhaontuithe leibhéal seirbhíse, meabhráin tuisceana agus comhaontuithe comhair ábhartha;

(f) de bhun Airteagal 25(1)(c), (g) agus (h) den Rialachán, agus cúnamh á sholáthar aige d'údaráis náisiúnta tríú tíortha agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta nó á fháil uathu nó ag comhoibriú leis na húdaráis nó leis na heagraíochtaí sin arna iarraidh sin dóibh nó ar a thionscnamh féin;

(g) de bhun Airteagal 25(1)(c), (g) agus (h) den Rialachán, agus cúnamh agus comhar á sholáthar nó á fháil aige d'údaráis phoiblí Bhallstáit AE agus uathu, arna iarraidh sin dóibh nó ar a thionscnamh féin;

(h) de bhun Airteagal 25(1)(e) den Rialachán, agus sonraí pearsanta á bpróiseáil i ndoiciméid a fuair na páirtithe nó na hidirghabhálaithe i gcomhthéacs imeachtaí os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh;

(i) de bhun Airteagal 25(1)(i) den Rialachán, nuair is gá sonraí pearsanta a phróiseáil chun éilimh ar an dlí sibhialta a fhorfheidhmiú.

2. Urramóidh aon srian bunús na gceart agus na saoirsí bunúsacha agus beidh sé riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach.

3. Déanfar tástáil ar riachtanas agus ar chomhréireacht ar bhonn cás ar chás sula gcuirfear srianta i bhfeidhm. Beidh srianta teoranta don mhéid is gá chun a gcuspóir a bhaint amach.

4. Chun críocha cuntasachta, dréachtóidh Eurojust taifead ina ndéanfar cur síos ar na cúiseanna atá le srianta a chuirtear i bhfeidhm, ar na forais a bhfuil feidhm leo i measc na bhforas a liostaítear i mír 1 agus ar thoradh na tástála riachtanais agus comhréireachta. Beidh na taifid sin ina gcuid de chlár a chuirfear ar fáil ar iarratas don MECS. Ullmhóidh Eurojust tuarascálacha tréimhsiúla maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 25 den Rialachán.

5. Agus sonraí pearsanta a fhaightear ó eagraíochtaí eile á bpróiseáil i gcomhthéacs a chúraimí, rachaidh Eurojust i gcomhairle leis na heagraíochtaí sin maidir le forais fhéideartha chun srianta a fhorchur agus le riachtanas agus comhréireacht na srianta lena mbaineann, mura gcuirfeadh sé sin gníomhaíochtaí Eurojust i mbaol.

Airteagal 3

Rioscaí do chearta agus saoirsí daoine is ábhar do shonraí

1. Déanfar measúnuithe ar na rioscaí do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a bhaineann le srianta a fhorchur agus mionsonraí ar thréimhse chur i bhfeidhm na srianta sin a chlárú i dtaifead na ngníomhaíochtaí próiseála arna gcothabháil ag Eurojust faoi Airteagal 31 den Rialachán. Déanfar iad a thaifeadadh freisin in aon mheasúnuithe tionchair ar chosaint sonraí maidir leis na srianta sin arna ndéanamh faoi Airteagal 39 den Rialachán.

2. Aon uair a dhéanann Eurojust measúnú ar riachtanas agus comhréireacht sriain, breithneoidh sé na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chearta agus do shaoirsí an ábhair sonraí. I gcás ina gcuimhníonn Eurojust ar srian a chur i bhfeidhm, déanfar an riosca do chearta agus saoirsí an ábhair sonraí a mheá, go háirithe, i gcoinne an riosca do chearta agus saoirsí ábhar sonraí eile agus an baol go gcuirfí éifeacht imscrúduithe nó nósanna imeachta Eurojust ar ceal, mar shampla trí fhianaise a scriosadh. Baineann na rioscaí do chearta agus saoirsí an ábhair sonraí go príomha le rioscaí clú agus rioscaí don cheart cosanta agus don cheart éisteacht a fháil ach gan a bheith teoranta dóibh seo.

Airteagal 4

Coimircí agus tréimhsí stórála

1. Cuirfidh Eurojust coimircí i bhfeidhm chun mí-úsáid agus rochtain neamhdhleathach nó aistriú neamhdhleathach na sonraí pearsanta a chosc a bhfuil feidhm ag srianta ina leith nó a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm. Áireofar leis na coimircí sin bearta teicniúla agus eagraíochtúla agus mionsonraithe de réir mar is gá i gcinntí inmheánacha, nósanna imeachta agus rialacha um chur i bhfeidhm de chuid Eurojust. Beidh na nithe seo a leanas sna cosaintí:

(a) sainmhíniú soiléir ar róil, freagrachtaí agus céimeanna nós imeachta;

(b) déanfar na sonraí leictreonacha go léir a stóráil i bhfeidhmchlár TF slán, lena gcoisctear rochtain neamhdhleathach agus de thimpiste nó aistriú sonraí leictreonacha chuig daoine neamhúdaraithe, de réir chaighdeáin slándála Eurojust. Lena chois sin stóráiltear i bhfillteáin leictreonacha ar leith iad nach bhfuil rochtain orthu ach ag foireann údaraithe. Deonófar na leibhéil iomchuí rochtana ina n-aonar;

(c) coimeádfar doiciméid pháipéir i gcófraí faoi chosaint agus ní bheidh rochtain acu ach ag baill foirne údaraithe;

(d) monatóireacht chuí ar shrianta agus athbhreithniú tréimhsiúil ar a gcur i bhfeidhm;

(e) tá gach duine a bhfuil rochtain acu ar na sonraí faoi cheangal ag oibleagáid rúndachta.

Déanfar na hathbhreithnithe dá dtagraítear i bpointe (d) i gceann gach sé mhí ar a laghad.

2. Cuirfear srianta i leataobh a luaithe is nach mbeidh feidhm a thuilleadh leis na cúinsí a thugann údar leo.

3. Ní bheidh tréimhse choinneála na sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 1(4) níos mó ná mar is gá agus beidh sí oiriúnach do na cuspóirí a ndéantar na sonraí a phróiseáil lena n-aghaidh. Coinneofar na sonraí pearsanta i gcomhréir leis na rialacha coinneála Eurojust is infheidhme a leagtar síos in Airteagal 18 agus in Iarscríbhinn na Rialacha Nós Imeachta maidir le Próiseáil agus Cosaint Sonraí Pearsanta ag Eurojust ([3]), a bheidh le sainiú sna taifid chosanta sonraí a choimeádtar faoi Airteagal 31 den Rialachán. Ag deireadh na tréimhse coinneála, scriosfar na sonraí pearsanta, é sin nó déanfar iad a anaithnidiú nó a aistriú chuig cartlanna i gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán.

Airteagal 5

Cúraimí an Oifigigh Cosanta Sonraí

1. Cuirfear OCS Eurojust ar an eolas gan moill mhíchuí aon uair a chuirtear srian ar chearta ábhair sonraí i gcomhréir leis an gCinneadh seo. Tabharfar rochtain dó nó di ar na taifid ghaolmhara agus ar aon doiciméid a bhaineann leis an gcomhthéacs fíorasach nó dlíthiúil.

2. Féadfaidh OCS Eurojust athbhreithniú a iarraidh ar chur chun feidhme sriain. Cuirfidh Eurojust a OCS ar an eolas i scríbhinn maidir le toradh an athbhreithnithe.

3. Déanfaidh Eurojust rannpháirtíocht an OCS i gcur i bhfeidhm srianta a dhoiciméadú, rud lena n-áirítear an fhaisnéis a roinntear leis nó léi.

Airteagal 6

Faisnéis d'ábhair sonraí maidir le srianta ar a gcearta

1. Cuirfidh Eurojust mír leis na fógraí um chosaint sonraí a fhoilseofar ar a shuíomh gréasáin/inlíon a sholáthróidh faisnéis ghinearálta do na hábhair sonraí maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfaí cearta na n-ábhar sonraí a shrianadh de bhun Airteagal 2(1). Cumhdóidh an fhaisnéis cad iad na cearta a fhéadfar a shrianadh, na forais ar a bhféadfar srianta a chur i bhfeidhm agus an tréimhse fhéideartha.

2. Cuirfidh Eurojust ábhair sonraí ar an eolas ina n-aonar, i scríbhinn agus gan moill mhíchuí, ar shrianta leanúnacha nó ar shrianta a gcearta amach anseo. Cuirfidh Eurojust an t-ábhar sonraí ar an eolas faoi na príomhchúiseanna ar a bhfuil cur i bhfeidhm an tsriain bunaithe, faoina gceart chun dul i gcomhairle leis an OCS d'fhonn agóid a dhéanamh i gcoinne an tsriain agus a c(h)eart chun gearán a thaisceadh leis an MECS.

([3]) Rialacha Nós Imeachta maidir le cosaint agus próiseáil sonraí pearsanta ag Eurojust (IO L 50, 24.2.2020, lch. 10).

3. Féadfaidh Eurojust soláthar faisnéise maidir leis na cúiseanna atá le srianadh agus an ceart chun gearán a thaisceadh leis an MECS a iarchur, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú fad a chuirfeadh sé éifeacht an tsriain ar ceal. Déanfar measúnú ar cibé an mbeadh údar leis sin ar bhonn cás ar chás. A luaithe nach gcuirfeadh sé éifeacht an tsriain ar ceal a thuilleadh, cuirfidh Eurojust an fhaisnéis ar fáil don ábhar sonraí.

Airteagal 7

Sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí

1. I gcás ina bhfuil Eurojust faoi oibleagáid sárú sonraí a chur in iúl faoi Airteagal 35(1) den Rialachán, féadfaidh sé, in imthosca eisceachtúla, srian a chur leis an gcumarsáid sin go hiomlán nó go páirteach. Déanfaidh sé doiciméadú i nóta ar na cúiseanna atá leis an srianadh, ar an bhforas dlíthiúil atá leis faoi Airteagal 2 agus ar mheasúnú ar a riachtanas agus a chomhréireacht. Cuirfear an nóta in iúl don MECS tráth a dtabharfar fógra faoin sárú ar shonraí pearsanta.

2. I gcás nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna leis an srianadh, cuirfidh Eurojust an sárú ar shonraí pearsanta in iúl don ábhar sonraí lena mbaineann agus cuirfidh sé nó sí na príomhchúiseanna leis an srianadh agus a cheart nó a ceart chun gearán a thaisceadh leis an MECS in iúl dó nó di.

Airteagal 8

Rúndacht na cumarsáide leictreonaí

1. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh Eurojust srian a chur leis an gceart chun rúndacht cumarsáide leictreonaí faoi Airteagal 36 den Rialachán. Comhlíonfaidh na srianta sin Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ([4])

2. I gcás ina gcuireann Eurojust srian leis an gceart chun rúndacht cumarsáide leictreonaí, cuirfidh sé an t-ábhar sonraí lena mbaineann ar an eolas, ina fhreagra ar aon iarraidh ón ábhar sonraí, ar na príomhchúiseanna ar a bhfuil cur i bhfeidhm an tsriain bunaithe agus ar a cheart nó a ceart gearán a thaisceadh leis an MECS.

3. Féadfaidh Eurojust soláthar faisnéise maidir leis na cúiseanna atá le srianadh agus an ceart chun gearán a thaisceadh leis an MECS a iarchur, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú fad a chuirfeadh sé éifeacht an tsriain ar ceal. Déanfar measúnú ar cibé an mbeadh údar leis sin ar bhonn cás ar chás.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Háig, 15 Iúil 2020.

Do Choláiste Eurojust
Ladislav HAMRAN
Uachtarán Eurojust

([4]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37)

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA